# An Fhoghraíocht - *s,d,r* leathan
# Saghas deacair!

**Léigh amach na habairtí seo a leanas os ard.**

**Dírígí ar fhuaimniú na litreacha agus cuir líne faoi gach *s* leathan agus *s* caol; agus *d* leathan agus *d* caol sna habairtí.**

**Déan iarracht dhá abairt eile le samplaí de *s* leathan agus *s* caol; agus *d* leathan agus *d* caol a chumadh.**

1. Is í Deirdre d'iníon.
2. Tá Seán pósta le Síle agus níl páistí acu.
3. Is deartháireacha iad Dónal agus Diarmuid.
4. Tá seisear páistí agam.
5. Táimid pósta le sé bliana.
6. Cé mhéad duine sa rang?
7. Tá deichniúr deirfiúracha ag Donncha.
8. Tá Sinéad singil ach tá Sailí agus Siobhán scartha.
9. ________________________________________
10. ________________________________________

# An Fhoghraíocht - *s,d,r* leathan
# *r* leathan nó *r* caol?

**Léigh amach an foclóir seo a leanas ag cur béime ar fhuaimniú an *r leathan* nó *an r caol*. Bí cinnte go bhfuil an fhuaim soiléir.**

**1.** ochtar

**2.** máthair

**3.** deichniúr

**4.** a ceathair

**5.** ceantar

**6.** ceathrar

**7.** athair

**8.** seachtar

**9.** deartháir

**10.** muintir